Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12910/1/25
REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0232 (COD)**

CODEC 1277
ENV 849
CLIMA 343
AGRI 428
FORETS 71
RECH 393
TRANS 389

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Faireachán Ithreach agus Athléimneacht Ithreach (an Dlí maidir le Faireachán Ithreach) **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 5 Iúil 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], bunaithe ar Airteagal 192(1) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 25 Deireadh Fómhair 2023[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 19 Meitheamh 2024[3].

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 10 Aibreán 2024[4].

---

[1] 11566/23 + ADD 1-10.
[2] IO C, C/2024/887, 6.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/887/oj.
[3] IO C, C/2024/5371, 17.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5371/oj.
[4] 10570/24.

5. An 21 Bealtaine 2025, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an Treoir thuasluaite[5], tar éis plé neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.

6. An 5 Meitheamh 2025, dhearbhaigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an Treoir thuasluaite. Ina dhiaidh sin, chuir Cathaoirleach an Choiste litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe á rá gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air[6].

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an seasamh ar an gcéad léamh uaithi, mar a leagtar amach in 9474/25 + COR 1 é, agus an ráiteas ar chúiseanna, mar a leagtar amach in 9474/25 ADD 1 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ghearmáin ag vótáil ina choinne agus an Ostair ag staonadh ón vótáil.

8. Tá na ráitis, atá le cur i miontuairiscí na Comhairle, leagtha amach san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

---

[5] 8818/25.
[6] 10845/25.